CEACHT 11

OÍCHE SHAMHNA



Pictiúr: Radharc:

Sa chistin, Páid, Bríd, Nóirín agus Mamaí; úlla, cnónna, bairín breac, líomanáid (i gciseán siopadóireachta), Daidí ag crochadh úill ón tsíleáil, ansin é tar éis báisín uisce a chur ar stól, píosa deich bpingin. An bord agus é cóirithe le haghaidh féasta, comhartha ceiste, fáinne agus bairín breac le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann. Seán agus a chara ag an doras, masc ar Sheán; úlla agus cnónna le cur i lámha Mhamaí de réir mar a oireann; féilire (Oíche Shamhna).

Céim 4: feoil, cabáiste (Ceacht 7); iasc, im, subh.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Oíche Shamhna a bhí ann. Cheannaigh Mamaí úlla, bairín breac, cnónna agus líomanáid. Chroch Daidí úll sa chistin. Chuir sé báisín uisce ar an stól. Chuir sé airgead isteach ann.

Agallamh

MAMAÍ: Tá an féasta réidh, a leanaí.
BRÍD: Ó. Is maith liom bairín breac, a Mhamaí.
PÁID: An bhfuair tú an fáinne, a Nóirín?
NÓIRÍN: Fuair. Tá sé anseo.
DAIDÍ: Fan nóiméad. Cloisim duine éigin ag an doras.

Cuntas Reatha

Tháinig Seán agus a chara isteach. Bhí masc ar Sheán.
Thug Mamaí cnónna agus úlla dóibh.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cén oíche a bhí ann?
Céard a rinne Mamaí?

Céard a rinne Daidí leis an úll?
Agus ansin?
Agus céard faoin airgead?

A "Mhamaí", abair leis na leanaí go bhfuil an féasta réidh.
Céard faoin mbairín breac, a "Bhríd"?
Cuir ceist faoin bhfáinne, a "Pháid".
Freagair é, a "Nóirín". Cá bhfuil sé?
A "Dhaidí", abair leo fanacht.
Cloiseann tú rud éigin?

Céard a rinne Seán agus a chara?
Bhí rud éigin ar Sheán?
Céard a rinne Mamaí?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Cheannaigh Mamaí . . .
   (*úlla, iasc, cabáiste, feoil, im, subh*).
2. *Chuir* sé báisín uisce ar an stól.
   (*inniu, amárach;* ar? níor: *inné;* an? ní: *amárach*).
3. Thug Mamaí cnónna *dóibh.*
   (*mise, tusa, eisean, ise, sibh,* iadsan, Micheál*).

---

*.i. "Thug Mamaí cnónna *dúinn*".

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma beag:
   Na leanaí ag iarraidh breith ar an úll.
3. Scéal beag a chumadh; an spórt a bhí agat féin Oíche Shamhna:
   Bhí báisín uisce ar an stól. Chuir Daidí airgead isteach ann. Thosaigh mise . . . .
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Oíche Shamhna, Oíche Shamhna
Rudaí deasa le haghaidh an tae,
Úlla, cnónna's bairín breac
Ar Oíche Shamhna le haghaidh an tae.

II

Oíche Shamhna, Oíche Shamhna
Spórt is scléip tar éis an tae,
Úll ar an tsíleáil, báisín ar stól
Ar Oíche Shamhna tar éis an tae.